# Nuachtlitir na Míosa

## Mí: Feabhra 2024

| **Imeachtaí agus dátaí tábhachtacha /** *Events and important dates* | **Imeacht /** *Event* | **Dáta** | |
|---|---|---|---|
| | **Féach ar an nasc thall chuig an bhFéilire scoile ar son gach eolais eile/** *Please see the link for the school calendar for important dates* | Mí Feabhra | Féilire Scoile |

**Meabhrúcháin/**

*Reminders*

- **Cur i gcuimhne ó Allianz** / *A reminder fro Allianz*

  **Ar bhonn Árachais mhol Allianz dúinn insint daoibh nach bhfuil sé ceadaithe do pháistí a bheith ar láthair na scoile roimh 8:40r.n. ar maidin mar níl feitheoireacht oifigiúil tosnaithe go dtí 8:40r.n. Tá sé de chead ag páistí ó R5+R6 amháin a bheith ar shuíomh na scoile san Astro ar son traenála @ 8:30r.n. mar tá múinteoir i bhfeighil orthu. Níl sé de chead ag tuistí nó na busanna páistí a fhágaint ag na doirse roimh 8:40 i.n. mar nílid clúdaithe le hárachais.**

  *Allianz, our insurers, have advised us to reiterate that supervised supervision on school grounds does not commence until 8:40a.m. Children from 5th+6th classes only are permitted on the Astro at 8:30 a.m. for training purposes as they are being supervised by a teacher. Parents and bus drivers are not permitted to allow children to be on school grounds unsupervised until 8:40 a.m. as they are not covered by insurance.*

- **Folláin an Pháiste agus torthaí an Suirbhé**/ *Pupil's Wellbeing and the Survey results*

  **Láimhseáil le Cúram – Bíonn laethanta deacra againn ar fad mar aon le páistí agus tá an saol ag éirí níos casta agus níos gnóthaí bliain de réir bliana. Má bhíonn droch hoíche, maidin nó deireadh seachtaine ag do pháiste, iarrfaimid ort 'Handle with Care' a sheoladh trí r-phost go dtí an múinteoir ranga agus ní chuirfear aon cheist eile ort nó ar do pháiste.**

  *Handle with Care – We all have challenging days, including our children and life is getting more complicated and busier with each year. If your child has had a difficult night, morning or weekend, please send the message 'Handle with Care' to their class teacher via email and no other questions will be asked.*

  **Le seo faigh nasc chuig roinnt torthaí Suirbhé Folláine na bPáistí sa scoil. Ghlac 550 páiste páirt sa suirbhé.**

  *Please see some of the results from the Children's Wellbeing Survey. 550 children in total participated Féinmheastóireacht Scoile FMS / SSE*

- ***Éide Scoile & Cótaí Te*** / *School Uniform & Warm Coats*

  **Ba chóir go mbeadh <u>cóta te ag gach páiste ag teacht ar scoil</u> mar beimid ag dul amach seachas má tá sé thar a bheith fliuch. Ní thabharfar cead dóibh siúd gan cóta dul amach san fhuacht. Ar mhaithe le cothromaíocht ba chóir go mbeadh na héadaí scoile cearta, bróga dubha nó bróga reatha dubha á gcaitheamh ag gach páiste faoi an bointe seo.**

  *All children should have a **<u>warm coat coming to school</u>** as we will be going outside every day unless it is extremely wet. Those without coats will not be permitted to go to the yard. To promote fairness and equality, all pupils should be wearing the full school uniform and black shoes or runners by now.*

- **Poncúlacht** / *Punctuality*

  **Impímid ar na tuimitheoirí go léir iarracht ar leith a dhéanamh páistí a thabhairt ar scoil in am.**

| | |
|---|---|
| **Meabhrúcháin/**<br><br>*Reminders* | *We are asking all parents to make a concerted effort to be on time for school.*<br><br>• **Carclós na dTuistí** / *Parents carpark*<br>**Impímíd oraibh smaoineamh ar ár gcomharsain ar fad mórthimpeall na scoile agus carrchlós na dtuistí a úsáid i dteannta leis na pointí scaoileadh síos chomh minic is gur féidir. Mar is eol daoibh, tugadh cead pleanála isteach amháin don scoil agus dá bharr tá córas aon bhealach i bhfeidhim. Le bhur dtoil tar isteach an geata ar bharr chun páirceáil agus fág tríd an bpríomhgeata. <u>NÁ TÉIR AMACH AN GEATA</u> seo. Is oth liom a rá nach bhfuil tuistí ag leanúint an rial seo in ainneoin na fógraí curtha suas agus dá bharr ar bhonn buairteanna sláinte agus sábháilteachta beidh ar an mBord Bainistíochta tabhairt faoi chóras eile a chur i bhfeidhm.**<br><br>*We kindly ask you to be mindful of all our neighbours and to use the parents' car park and the drop-off points as much as possible. As you are aware, the school was granted planning permission several years ago for entrance purposes only. Therefore we have a one-way system for the parents' car park. Please come in by the top gate if parking and leave via the main gate. We kindly ask you **NOT TO EXIT THE TOP GATE**. Unfortunately, many parents are not abiding by this system despite the signs therefore due to health and safety grounds the BOM will have to explore other options.*<br><br>• **Míolta Gruaige** / *Headlice*<br><br>**Arís impímíd ar gach clann cinn a bpáistí a sheiceáil go rialta ar son miolta gruaige agus a gcuid uibheach. <u>Mar atá ráite sa Chód Iompair, ba chóir go mbeadh gruaig fhada ceangailte siar i gcónaí.</u>**<br><br>*Again we would appreciate it if all families could check their child/ren's heads for headlice and eggs regularly to help curb the spread. <u>It is stated in the Code of Behaviour for this reason that all children with long hair must keep it tied up.</u>* |
| **Nótaí eile** / Other notes | • **Lá na Seantuistí** / *Grandparents' Day*<br><br>**Bhí Lá na Seantuistí á cheiliúradh ag Rang a Trí inné, Déardaoin an 1ú Feabhra. Míle buíochas le múinteoirí Bríd, Ciara agus Colm atá tar éis ana-chuid ama a chaitheamh ag ullmhú na bpáistí. Míle buíochas le Shevaun chomh maith a chabhraigh go mór leo seó iontach a chur ar an stáitse. Gan dabht molaimid na páistí go hard na spéire as ucht a gcuid díograis ó thús mí Eanáir. Ar deireadh, buíochas leis na tuistí ó Rang a Dó agus Cairde a chur cístí, ceapairí agus sóláistí ar fáil ar an lá. Bhaineamar go léir sár taitneamh as an ócáid speisialta seo.**<br><br>*Grandparents' Day was celebrated with 3rd class yesterday, Thursday the 1st of February. Many thanks to Múinteoirí Bríd, Ciara and Colm for the hours they have spent practising with the classes. Many thanks, also, to Shevaun who helped them put an extremely polished performance on stage. Also many thanks to the children who worked diligently since the beginning of January. Finally, we would like to express our gratitide to the parents of second class and Cairde for supplying the cakes. sandwhiches and refreshments on the day. Everyone thoroughly enjoyed the very special day and the opportunity to honour the very significant role played by many grandparents in the lives of the pupils.*<br><br>• **Céad Faoistin** / *First Confession*<br><br>**Beidh Céad Faoistin R2 ar siúl ar Luan an 19ú Feabhra i Seipéal an Holy Rosary i Mainistir na Corann @6:00. Tá na páistí ag cleachtadh go dian chuige.**<br><br>*First Confession is taking place @ 6:00 pm for 2nd class children in the Church of the Most Holy Rosary on Monday the 19th. The children are practising hard in the lead-up to it.*<br><br>• **Spelling Bee /** *Spelling Bee ??*<br><br>**Tá an scoil ag glacadh páirte i gcomórtas an Eason Spelling Bee arís i mbliana le R.5 + R6. Bhí craobh na scoile sa halla ar an 31ú Eanáir.  Comhghairdeas ó chroí leis na páistí seo a leanas a bhain áit amach i gcraobh na scoile: Avaleigh Ní Mhurchú +** |

| | |
|---|---|
| **Nótaí eile** / Other notes | **Liam De Búrca (R. 5 Clár), Tom De Barra agus Rua Ó Muireasa (R. 5 Aisling + Deirdre), Elayna Curione agus Rebecca Ní Mhaoldomhnaigh (R. 5 Ultan), Jamie Ó Cróinín agus Ellen Ní Ghadhra (R. 6 Katie), Nessa Ní Chróinín agus Grace Ní Aodha (R. 6 Lúsaí) agus Mícheál Mac Mánais agus Ellie Nic Chonmara (Rang 6 Antoinette). Bhí na páistí ar fad thar barr agus iad ar stáitse os comhair slua mór páistí agus múinteoirí. Molaimid iad as a n-iarrachtaí agus a gcrógacht ag litriú focal dheacra ó diamantiferous go flammiferous go dtí onomasiology. Sa deiredh, bhí an lá le Mícheál Mac Mánais leis an bhfocal tentativeness agus guímíd gach rath air i gCraobh an Chondae.**<br><br>*The school is once more participating in the Eason Spelling Bee competition for children in 5th and 6th class. The school final took place on the 31st of January in the school hall and we congratulate the following children for winning their class rounds: Avaleigh Ní Mhurchú + Liam De Búrca (R. 5 Clár), Tom De Barra agus Rua Ó Muireasa (R. 5 Aisling + Deirdre), Elayna Curione agus Rebecca Ní Mhaoldomhnaigh (R. 5 Ultan), Jamie Ó Cróinín agus Ellen Ní Ghadhra (R. 6 Katie), Nessa Ní Chróinín agus Grace Ní Aodha (R. 6 Lúsaí) agus Mícheál Mac Mánais agus Ellie Nic Chonmara (Rang 6 Antoinette). We applaud the children for their bravery in spelling words like ichthyology, juxtapose and panettone on stage in front of a large crowd of their peers and teachers. It was a wonderful competition but in the end, the title went to Mícheál Mac Mánais who spelled the word tentativeness correctly. We wish him the very best of luck in he County Final.*<br><br>● **Ceardlann LEGO le Bricks4kidz**/ *LEGO Workshop with Briks4kidz*<br><br>***Bhí Bricks4kidz ar láthair na scoile ar feadh seachtaine ó Luan an 15ú - Aoine an 19ú Eanáir chun ceardlann uair a chloig ag úsáid kit LEGO Technic B4K aonarach le gach páiste ar scoil ó Naíonain Bheaga go R6. Bhí an costas iomlán os cionn €2,700 ar seo agus buíochas le Cairde a bhí sásta íoc as chun an deis iontach d'fhoghlaim gníomhach a chur ar fáil do pháistí na Gaelscoile. D'éirigh le gach tógálaí smaoineamh faoi choinceapa ETIM agus iad ag inniúcadh píosaí Lego Technic, giaranna agus mótair. Féach ar an nasc thíos le tuairim dá gcuid oibre a fháil. Buíochas le Múinteori Sadie a d'eagraigh an tseachtain.***<br><br>*Bricks4kidz provided a workshop for all children from Junior Infants to 6th class from Monday the 15th to Friday the 19th. Each child worked for one hour on an individual B4K LEGO Technic kit to build a given model/machine such as a Clock Tower, Electric Car, Speed bot & Big Rig etc. The entire cost of this experience came to in excess of €2,700 and many thanks to Cairde who paid to ensure the children benefitted from this great hands-on learning experience where by each builder explored key STEM concepts and thinking while using TECHNIC LEGO pieces, gears and motors. Please view the link below to get a sense of what experience they provide. Many thanks to Múinteoir Sadie who organised the week. Nuacht is Déanaí*<br><br>● ***Ceachtanna Rothaíochta le R4** / Cycling Lessons with 4th class*<br><br>**Tá R4 ag caitheamh 5 seachtaine ag foghlaim conas rothaíocht go sábháilte le Cycling Ireland. Bíonn an feachtas seo i bhfeidhm le R4 gach bliain agus beidh said ag dul amach ar an mbóthar ag rothaíocht faoi threoir ar an 12ú Feabhra. Is deis iontach é seo dos na páistí go léir. Buíochas le múinteoir Caoimhe a d'eagraigh é.**<br><br>*Fourth class str spending 5 weeks learning how to cycle safely with Cycle Ireland. This occurs with 4th class each year and on the 12th of February, the children will be taken out on the road for a supervised cycle. This is a great opportunity for them to learn to cycle safely. Many thanks to Caoimhe for organising this.*<br><br>● **Tráth na gCeist Sciath na Scol** / *Sciath na Scol Table Quiz*<br><br>**Comhghairdeas leis an dá fhoireann a ghlac páirt i dTráth na gCeist spóirt Sciath na Scol in Óstán Baile an Róistigh ar an 15ú lá de mí Eanáir. Comhghairdeas ar leith le hAaron, Andrew & Cathal ó R6 Lúsaí agus Finn Ó hA R6 Katie, a bhain amach an tríú háit sa chomórtas. Míle buíochas le Criostóir as ucht é seo a eagrú. Féach ar an nasc thíos chun pictiúr des na buachaillí a fheiscint.**<br><br>*Congratulations to both teams who participated in the Sciath na Scol sports' Table Quiz in the Rochestown Park Hotel on the 15th of January. Further congratulations to Aaron, Andrew & Cathal ó R6 Lúsaí agus Finn Ó hA R6 Katie who finished in 3rd place. Many* |

| | |
|---|---|
| **Nótaí eile /** Other notes | *thanks to Criostóir for organising this. Please see the link below to see a picture of the boys.*<br><br>● **Múinteoir Rince Gaelach Lucy ag tosnú /** *Irish Dance Teacher Lucy commencing*<br><br>**Beidh Lucy, an múinteoir rince gaelach, ag tosnú ceachtanna rince ar scoil ar an 14ú lá de Feabhra. Tá sé beartaithe go bhfaighidh gach rang cúig cheacht. Beidh na ceachtanna ag tosnú le R4 go dtí R6. Féach ar Fhéilire na Scoile ar son na dátaí cuí.**<br><br>*Lucy, the Irish dancing teacher will commence Irish dance classes in school on Wednesday, the 14th of February. It is intended that each class grouping will receive about 5 lessons. She will initially focus on the children from 4th to 6th classes. Please see the School Calendar for dates and information.*<br><br>● **Síntiús ar son Carthanachtaí** */ Charitable donations*<br><br>**Mar is eol daoibh bhí pacáiste de ghníomhaíochtaí éagsúla scoile curtha le chéile roimh agus tar éis na Nollaig chun airgead a bhailiú ar son carthanachtaí. Bailíodh €2,532 ar son gléasadh suas agus lá geansaithe na Nollag agus tabharfar é seo do Naomh Uinsean de Pól i Mainistir na Corann ar son na daoine a bhí thíos leis ó thaobh na tuillte de. Bhailigh an €3 don phictúrlann ar son Naomh Uinsean de Pól i Mainistir na Corann €1,368. Nuair a bheidh gach éinne tar éis íoc, in iomlán beidh €3,900 bailithe ag GSMNC ar son Naomh Uinsean de Pól áitiúil. Buíochas ollmhór libh go léir as bhur bhflaithiúlacht dochreidte.**<br><br>*As you are aware, the school organised a package of activities before and after Christmas that included events to raise money for local charities €2,532 was raised through the Halloween dressup and the Christmas Jumper day. This money will be donated to St. Vincent de Paul to help those that suffered due to the recent flooding. The €3 to attend the cinema just before Christmas in aid of Midleton St. Vincent de Paul raised €1,368. In total once all monies are collected GSMNC will have raised €3,900 for hte local St. Vincent de Paul. Thank you all sincerely for your extreme generosity.*<br><br>● **Orlagh Farmer anseo - caint le R1-R6** */ Orlagh Farmer here to speak to 1st -6th class*<br><br>***Beidh Orlagh Farmer, iar imreoir Peil na mBan le Corcaigh, anseo ar an 13ú Feabhra chun labhairt leis na páistí ó R1-R6 faoina cuid oibre san Afraic agus faoi chúrsaí sláinte, aclaí agus folláine. Bhí Orlagh ag lorg cúnaimh ó scoileanna áitiúla chun tacú léi 10,000 crann a chur i gCéinia san Afraic. Tacaíonn feachtas Orla leis an bhfeachtas atá idir láimh againn ó thaobh Scoileanna Glasa de. Tá an scoil ag oibriú ar an 6ú Bhrat Glas do Saoránaigh Domhanda - Bruscar agus dramhaíl.*** **Bailíodh €846 ar son carthanacht Orlagh Farmer**<br><br>*Orlagh Farmer, a former Cork Ladies Gaelic Football player, will be in school on Tuesday the 13th of February to speak to the children from 1st - 6th class about her work in Africa and health, fitness and wellness matters. Orla asked schools in the locality to assist her in her endeavours to plant 10,000 trees in Kenya, Africa. We were very happy to take part, as it is in keeping with our Green School's campaign. We are working towards the 6th Green Flag under the heading of Global Citizenship - Litter and Waste. €846 was collected for Orlagh's charity.*<br><br>● **Robotics le R5** */ Robotics with 5th class*<br><br>**Comhghairdeas le R5 ar fad a ghlac páirt i gcomórtas VEX Robotics le DELL in MTU ar Déardaoin an 18ú Eanáir. Bhaineadar an-éacht amach, ag buachaint dhá dhuais as seacht gcinn. Bhí fiche foireann ag glacadh páirte agus trí fhoireann ó GSMNC. Bhuaigh R5 Ultan an duais don Tionscnamh Taighde ETIM is fearr ar Chaomhnú Uisce curtha i lathair i bhfoirm scannán bunaithe. Bhuaigh R5 Aisling/Deirdre an Gradam deartha agus leabhar loga is fearr. Dúradh leo le linn na hagallaimh go raibh sé soiléir nach raibh cabhair faighte acu ó dhuine fásta. Táimid fíor bhródúil as na páistí go léir i R5 a d'oibrigh go dian dícheallach le chéile le cúpla mí anuas chun na héachtanna seo a bhaint amach. Buíochas mór le múinteoir Ultan arís atá i bhfeighil ar an bhfeachtas. Féach ar na naisc thíos chun an fhís a fheiscint & roinnt pictiúirí.** |

| | |
|---|---|
| **Nótaí eile** / Other notes | *Congratulations to all of 5th class for their participation in the DELL VEX Robotics competition in MTU on the 18th of January. They did exceptionally well to win two awards out of seven. Twenty teams participated, three from GSMNC. The children from R5 Ultan won an award for the best STEM Research Project on Water Conservation presented in movie format. R5 Aisling/ Deirdre won the Design and Logbook award. During the interview it was stated that their design was clearly done so without help and self-constructed. We are extremely proud of all the children in 5th class who worked together tirelessly for the past number of months to win these wonderful awards. It's fair to say they had a lot of fun in the process. Many thanks again to múinteoir Ultan who oversees this programme. Please see the following link for the movie on Water Conservation* **https://youtu.be/r4nVKQCnp7g** *and for some pictures.* ***Nuacht is Déanaí***<br><br>• **Lá Sábháilteachta ar Líne**/ *Safer Internet day*<br><br>**Tá Lá Sábháilteacha ar Líne ar siúl ar an 6ú Feabhra. Tá múinteoir Katie chun gníomhaíochtaí scoile a eagrú agus tá siad roinnte leis an bhfoireann cheana féin. Le bhur dtoil úsáid an nasc thíos chuig Suíomh Ghréasáin na Scoile chun teacht ar eolas éágsúil ó Dr. Maureen Griffen.**<br><br>*Safer Internet day will take place on the 6th of February. Múinteoir Katie has organised school activities for same. Please use the following link to the school website to access information provided by Dr. Maureen Griffen on internet safety and technology use.* ***Eolas Sábháilteachta Idirlíne***<br><br>• **Nod Sábháilteachta na Míosa ar Líne** / *Online Safety Tip of the Month*<br><br>**Tá Nód Sábháilteachta na Míosa seo ar fáil ag an nasc thíos chun cabhrú le clainne tabhairt faoin bhfeachtas Sábháilteacht ar Líne.**<br><br>*This month's Online Safety Tip to help families become more proactive and collaborative in their online practice is available at the following link.* ***Nódanna Sábháilteachta ar Líne / Online Safety Tips***<br><br>• **Turasanna Scoile agus ag íoc i ngálaí**/ *School Tours and paying in instalments*<br><br>**Míle buíochas le múinteoir Sadie atá tar éis na turasanna scoile a eagrú. Tá an bhileog ar na costaisí srl ar fáil ar Shuíomh Ghréasáin na scoile ag an nasc thíos. Tá dátaí na turasanna thuas ar fhéilire na scoile anois. Tá costas ard ar thurasanna R3 ar aghaidh mar tá costas an bus srl ag cur go mór leis. Dá bharr, tá sé beartaithe an deis a thabhairt do chlainne íoc as na turasanna i ngálaí má táid ós cionn €25. Tá costas an ard ar fad ar thuras scoile thar oíche R6 ach bheimís ag siúl go gcabhródh aon pháistí a chuaigh faoi Lámh an Easpaig i mí Bealtaine leis an gcostas seo a íoc. Beidh Fíona ag eagrú seo trí epayments ar Aladdin.**<br><br>*Many thanks to Múinteoir Sadie for organising the school tours. An information sheet regarding same and the cost etc is available on the school website at the link below. The dates of the various tours are already on the school calendar. The tours from 3rd class to 6th are quite expensive due to rising bus costs etc. Therefore, families will be able to pay for tours in excess of €25 in instalments. The overnight shool tour for 6th class is the most expensive of all however, we would hope that children that have received their Confirmation in May would assist their parents with the cost of their tour. Fíona will shortly organise same through epayments on Aladdin. Turasanna Scoile*<br><br>• **Féinmheastóireacht Scoile** */School Self-Evaluation*<br>**Mar pháirt d'Fhéinmheastóireacht Scoile (FMS) GSMNC, bhí ceistneoir ar son tuistí i leith folláine bhur bpáistí i nGSMNC le líonadh isteach. Thug 210 clann as 375 bhur smaointe. Táimid fíor bhuíoch daoibh gur dhein sibh é seo. Tá graif na bhfreagraí agus na ráitis dhearfacha maidir leis an scoil agus ár gcuid cleachtais folláine i nGSMNC le feiscint ag an nasc thíos. Roinnfear na torthaí maidir le ráiteas eile agus áiteanna le feabhsú libh i nuachtlitir mí an Mhárta.**<br><br>*As part of GSMNC's School Self Evaluation (SSE) process, a questionnaire to gather your opinions in relation to the wellbeing of your child(ren) in GSMNC was shared with you. 210* |

| | |
|---|---|
| **Nótaí eile /** Other notes | *families out of 376 have given their opinions. We very much appreciate the time that you took to do so. The answer graphs and the positive statements regarding our current wellbeing practices in GSMNC are available at the link below. The results regarding other statements and areas for improvement will be shared with the school body in the March newsletter.* *Féinmheastóireacht Scoile FMS / SSE*<br><br>• **Páistí ag aiseach** / *Vomiting children*<br>**Is cosúil go bhfuil ana chuid páistí breoite faoi láthair le bolg tinn agus iad ag caitheamh aníos. Má tá na comharthaí seo ag do pháiste, le bhur dtoil ná seol ar scoil iad. Le cúnamh Dé cabhróidh an nós seo le stopadh leathadh an ghalair agus le cosaint a thabhairt dos na páistí agus dá múinteoirí. Tá ganntanas ionadaithe ar son múinteoirí breoite ann faoi láthair. Tabhair faoi deara, molann an HSE do pháistí fanúint sa bhaile ar feadh 48 uair an chloig tar éis an babhta deiridh do buinneach nó caitheamh aníos.**<br><br>*There appears to be a lot of children with upset tummies and vomiting at the moment. If your child is experiencing these symptoms, please do not send them to school. This will hopefully help to stop the spread of bugs and protect the children and their teachers. As you may be aware there is a substitute teacher crises at present and it is extremely difficult to access substitute teachers for sick teachers. Please note the HSE recommends that children stay at home 48 hours from their last episode of diarrhoea or vomiting.*<br><br>• **Dea-scéal faoi iardhalta** / *Good News about a past pupil*<br>**Comhghairdeas ó chroí lenár n-iardhalta, Miriam (Máire) Ní Fhinn atá tar éis an comórtas BT Young Scientist a bhaint amach de bharr a tionscnamh ‘’Are Air-fryers really as healty as we think?” faoin gcatagóir eolaíochta ceimice, fisiceach agus matamataice. Tá an-shuim sa tionscnamh sna meáin sóisialta agus lasmuigh den chomórtas féin. Molaimid Máire go hard na spéire. Tá súil againn go dtabharfaidh sí spreagadh do na daltaí atá fós linn.**<br><br>*Huge congratulations to our past pupil, Miriam (Máire) Ní Fhinn, who recently won the FSAI award at the BT Young Scientist Competition 2024. Their project entitled ‘”Are Air-fryers really as healty as we think?” entered in the Chemical, Physical & mathematical Sciences category, has generated a lot of interest beyond the competition and in the media. We are very proud of Máire's achievement. We hope her story will be an inspiration to the pupils who are still with us.*<br><br>• ***Iocaíocht Pacáiste Gníomhaíochtaí Scoile*** / *Payment of School Activities Packages*<br><br>**Mar cur i gcuimhne daoibh caithfear an t-airgead ar son na pacáistí de ghníomhaíochtaí éagsúla scoile a bheith íochta roimh dheireadh mí Feabhra. Mar is gnáth bainfear úsáid as an gcóras íocaíochta ar Aladdin. Le bhur dtoil, má tá deacrachtaí agaibh ó thaobh billí scoile srl a íoc, tagaigí i dteangmháil le hÁine nó Róisin. Pléifear le gach cás go discréideach agus faoi rún.**<br><br>*A reminder that the money for the various school packages of activities for the children are to be paid by the end of February. As usual Fíona has organised payment via Aladdin. Please make contact with Áine or Róisín if you are experiencing difficulties in paying school related bills. Please know that all matters will be dealt with discreetly and confidentially.*<br><br>***An mhí seo táimid ag díriú isteach ar an luach CAIRDEAS***<br><br>*- This month we are focusing on the value of* ***FRIENDSHIP***<br><br>***Cairde le Chéile ag Foghlaim!***<br><br>*Áine agus foireann na scoile* |
| | • **Cruinniú Cairde sa halla ar an 19.02.2024 @ 7:30 /** |

| | |
|---|---|
| **Nuacht Cairde /** *News from Cairde* | *Cairde meeting held in the halla on the 19.02.2024 @ 7:30*<br>• **Bailiúchin Éadaí ar Déardaoin an 8ú Feabhra - Carrchlós na dtuismitheoirí 8:30 -10:30** / *Clothes Collection on Thursday the 8th of February - Parents car park 8:30 -10:30*<br>• **Lá Caife + Díolacháin Cístí do thuistí á eagrú don 8ú Márta ó 12:00 - 2:00. Is ócáid bailiúcháin airgid agus sóisialta í seo ar son tuistí na scoile.** / *Coffee and Cafe sale for parents on the 8th of March from 12:00 -2:00. This is a fundraiser and social occasion for parents.*<br>• **Tráth na gCeist ar an 25ú Aibréan in Óstán Mainistir na Corann. .Is ócáid bailiúcháin airgid agus sóisialta í seo ar son pobal na scoile.** *A Table Quiz is being organised by Cairde as a fundraiser and social occasion on April the 25th in Midleton Park.*<br>• **Buíochas leis na Ttuistí i R2 a chur cístí a chur ar fáil do Cheiliúradh Lá na Seantuistí ar Déardaoin an 1ú lá.** *Many thanks to the parents of second class children that provided cakes for Grandparents Day on Thursday the 1st.* |
| **Nuacht Cairde /** *News from Cairde* | **Míle buíochas le Cairde mar** / *Many thanks to Cairde for the following*<br>• **Tae agus caife a chur ar fáil do Cheiliúradh Lá na Seantuistí ar Déardaoin an 1ú lá.** *Providing teas and coffee for Grandparents Day on Thursday the 1st.*<br>• **Airgead a chur ar fáil chun íoc as chostas iomlán Ceardlann Lego do 542 páistí i nGSMNC** / *Paying the entire cost of the Lego Workshop for 542 children in GSMNC*<br>• **An airgead ón bhfeachtas Tesco a chur ar fáil chun íoc as an tríú seit d'fhearas ranga Robotics ar luach €1,000.** / *Providing the school with €1,000 to pay for a third class-set of Robotics. Some of this money came from the money raised via Tesco.* |
| **Bord Bainistíochta /** Board of Management | • ***Tá an Bord Bainistíochta ag glacadh le iarratais ó chomhlachtaí chun an seirbhís lóin té do phobal na scoile a chur ar fáil am éigin sa tríú théarma.***<br>*The Board are currently accepting tenders from hot lunch providers for the school community. Hopefully the service will be in place at some point during the third term.*<br>• ***Tá foirmeacha ar son leigheas a thabhairt / riaracháin cogáis ar scoil, ar fáil ar shuíomh na scoile. Caithfear iad seo a líonadh ar son aon pháiste go gcaithfear leigheas a thabhairt dóibh ar scoil.***<br>*The forms for Administraion of Medication in school are available on the school website under policies and documents. These must be filled in by any parents who require their child to receive medication while in school.*<br>• ***Beidh Bealach Gearáin do Thuismitheoirí uasdátaithe glactha ag an mBord Bainistíochta ag an gcéad cruinniú eile i mí Feabhra. Beidh an cáipéis seo ar fáil ar shuíomh na scoile go luath.***<br>*The Board of Management will ratify and accept the Updated Parental Complaints Procedure at the next BOM meeting in February. It wil be available online shortly under policies and documents.* |